CEACHT 18

CRANN NOLLAG

Pictiúr: Radharc:

(a) Crann ag fás sa pháirc, Daidí á ghearradh; (b) an crann agus é maisithe sa seomra suite; Páid, Bríd, Nóirín, Mamaí; soilse, Nóirín ag lasadh an tsolais, cárta Nollag, bronntanas, bosca seacláide, blús, comhartha ceiste a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann; Daidí ag teacht isteach.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí crann deas ag fás sa pháirc. Ghearr Daidí é. Thug na leanaí isteach sa seomra suite é.

Agallamh

NÓIRÍN: Cuir an cárta seo ar an gcrann, a Bhríd.
BRÍD: Maith go leor. Ach las an solas, más é do thoil é.

Cuntas Reatha

Bhí bronntanas ag Páid do Mhamaí. Chuir sé faoin gcrann é.

Agallamh

BRÍD: Bosca seacláide, an ea?
PÁID: Ní hea, ach blús deas bán.

Cuntas Reatha

Tháinig Daidí isteach.

Agallamh

PÁID: Nach bhfuil an crann go hálainn, a Dhaidí?
DAIDÍ: Tá, go deimhin. Beidh spórt againn go léir amárach.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Inis dom faoin gcrann.
Céard a rinne Daidí?
Agus céard a rinne na leanaí?

Abair le Bríd an cárta a chur ar an gcrann, a "Nóirín".
Freagair í, a "Bhríd".

Agus abair léi an solas a lasadh.
Bhí rud éigin ag Páid do Mhamaí?
Céard a rinne sé leis?

Tá ceist agat faoin mbronntanas, a "Bhríd"?
Freagair í, a "Pháid".

Céard a tharla ansin?

Céard atá le rá agat faoin gcrann, a "Pháid"?
Freagair é, a "Dhaidí".
Agus céard faoin spórt amárach?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Thug* siad isteach é.

   (*amárach, gach lá;* níor, ar?: *inné;* ní, an?: *gach lá*; ní, an?: *amárach*).

2. Bhí bronntanas ag Páid *do Mhamaí.*

   (*mise,* tusa, eisean, ise, sibh, iadsan, an buachaill*).

3. Bosca seacláide *an ea*?

   Freagra: *Ní hea* (*is ea*).

4. *Tháinig* Daidí isteach.

   (*amárach;* ní, an?: *amárach;* ní, an?: *inné*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Scéal a chumadh:
   Chuir mé féin agus Daidí crann Nollag sa seomra suite . . .

3. Dráma beag:
   D'oscail Mamaí a bronntanas;
   nó
   Thug Nóirín bronntanas léine do Dhaidí.

4. Scéal:
   Bríd ag insint faoin mbronntanas a cheannaigh sí dá Mamaí.

5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tá crann beag Nollag sa bhosca,
Nach deas an crann beag é?
Las na leanaí na soilse
Is chuir siad bronntanas fé.

II

D'oscail Mamaí an bosca
An beart a thug Páid di,
Bhí blús deas bán istigh ann,
"Go raibh maith agat", ar sí.

III

Beidh San Nioclás ag teacht anocht,
Beidh balúin ag dul suas san aer,
Beidh bronntanas ag gach éinne,
Beidh spórt againn go léir.

*.i. "Bhí brontannas ag Páid *duit*".